

Do bhriseas bearnaidh ar Bhrian

[Mac Cionnaith, L. *Dioghlum Dána*, Dublin, 1938, poem 82]

Maol Sheachlainn na nUirsgéal Ó hUiginn

1 Do bhriseas bearnaidh ar Bhrian;
ní gabhtha dhó mar dhímhiadh
gidh bearna do briske leam
ar chisde fheadhma Éireann.

2 Gé bhrisim air im aonar
beirn le beagán iofhaobhar
brisidh caithbhearna ar chéad fear
géag as aithreamhla aigneadh.

3 Ní hionann agus é féin
meinic bhriseas beirn n-aigmhéil,
ar tuir mBearbha níor bhlaghast
bearna as a bhfuil foltanas.

4 Urchar beirne do bhriseadh
dom iomarcaidh aigei-sean
is béimeanna ar a mbí neimh
is trí géirreanna gaisgidh.

5 Dá mhanaois bhrisde bearna
aige agus lann loinneardha;
an tsoighead gémadh í ann
nocha bí a hoiread agam.

6 An t-arm ler bhriseas bearnaidh
ar chuингidh clann d'Toirdhealbhaigh
ní fhuil ag an dearccorr dhonn
leath trom nach cuir i gcomhthrom.

7 Do ríneas beirn do bhlaghadh
air a hucht na healadhan
cóir labhra dá char i gcéill
mar tharla dhamh is doi-séin.

8 Seacht leithbhliadhna do léigeadh
gan chánaigh gan choimhéisgean
Magh Inghine an Sgáil far sgoil
ó fhinnbhile Chláir Chobhthoigh.

9 D'ionadh a n-áirgheadh nó a n-each
ní coigilte ar chionn Chairbreach
fear uaim i n-oirchill a gcruidh

ná cluain oirchinn dá n-eachaibh.

10 Mac Raghailte an rúin chéillidh
gabhas fearg an bhflaithfhéinnidh
mar nar seachnadh uaim don fhior
cluain a eachradh nó a áirgheadh.

11 Ní nar bh'iongnadh dhó dá dhruim
mh'fhearg mhór-sa re mac Domhnuill;
lasaim go fear ar bhfeithmhe
gur bhean asainn imirche.

12 Brisdear agam 'n-a aghaidh
bearna ar Bhrian Ó Conchobhair;
a bhaile ránag a-rís
tánag a bhaile i mbímisi.

13 Níor briseadh - beag dá uaisle -
bearn air acht an aonuair-se
ó aois leinbh gus an lá a-niogh
gé tá re beirn do bhriseadh.

14 Mar sin nach aithrissdir uaidh
go ndearna an Cú ón Chraobhruaidh
bas ghéigshlim far ghrádhach mná
lámhach éigrinn acht aonlá.

15 Lá dá raibhe i nDún Dealga
Cú Chuluinn cruth naoidheanda
óidh na gcuradh ar an gCoin
slóigh Uladh i n-a fhochair.

16 D'éis an óil ar n-éirghe a-mach
dá bhfacaidh an fhian Ultach
crann go nduille fheactha fhaon
ealta ag luighe dá leathtaobh.

17 Líonaid dá n-annsacht uile
mná Cúigidh chlann Rudhruidhe;
gá cur do budh deacra dháibh
cur ris an ealta d'fhagháil?

18 Do dhóigh a lámhach an laoich
iarraid ar athair Chonlaoich;
teilgthear uadh na heoin áille;
fa tuar leoin is lúthgháire.

19 Marbhthar le Coin an chleasraidh
ar itghibh na n-inghean-sain

na heoin don dírim dheaghbhan;
fírrinn ceoil a gceileabhradh.

20 Ar roinn na healta don fhior
níor dhearmaid umpa acht Eimhear;
do bhí ar Eimhir reacht fan roinn;
deimhin nar chleacht an chomhroinn.

21 Gealltar uaidh 'n-a éiric sin
na céideoin eile d'Eimhir
do thornfadhbh ar thaoibh an chnuic
ó chraoibh na n-orchar n-orrdhruic.

22 I gcionn trill teagaid go cách
dá éan go n-éagcosg neamhghnáth
- cia nach tabhradh óidh orra? -
go slabhradh óir eatorra.

23 Tug bainchéile Chon Culuinn
grádh dearmháireach dofhluling
don cháraig iongantaigh éan
thánaig d'fhionnochtaibh oiléan.

24 Agrais Eimhear an fhuilt truim
a chunnradh ar Coin gCuluinn
fan dá éan gér dhainimh dhó
gan sgéal 'n-a haighidh umpa.

25 Dá uair nó a thrí teilgthear lais
na heoin áille is níor amais;
do bhí ar confaídhe mar do chuir
trí horchair tar na héanaibh

26 Feadh bliadhna ní dheachaidh dhe
athtuirse na n-éan síthe;
ní hiad imtheachta na n-éan
as inleanta acht an t-uirlsgéal.

27 Gan éinéan riamh roimhe sain
do dhul do dhaltán Chathbhaidh
gan bheirn ar Bhrian do bhlaghadh
riamh acht d'fheidhm na healadhan.

28 Ní gabhthar géill na teangadh;
bearn ar Bhrian do bhriseamar;
níor thadhaill bheirn nachar bhris
dá lamhainn a fheidhm d'aithris.

29 Líon timchill gacha tíre

i n-oirchill na hairdrighe
rí Sligigh is sé sheolas;
ní mé idir fhoillseoghas.

30 Do-fheadar budh éigean damh
cúl re cineadh a mháthar
ar Bhrian muna bhear dá cheilt
ar bhean a Trian an Tuaiscirt.

31 Fagus d'fhéin Mhurbhuigh mi-se,
ní fhéadaim a innise
mar do bhlagh a gclacha chuir
's a chatha fa mhagh Murbhaigh.

32 Ar Mhagh Luirc na learg solas
dá n-áirmhinn a urradhas
a ndearna Brian d'fhoghail ann
do bhiadh 'n-a fholaidh oram.

33 Na táinte bó do bhean díbh
dá n-áirmhinn ar an airdrígh
Fir Monach ní budh réidh rinn;
i bhfolach go léir léigim.

34 Síol Muireadhaigh is Manaigh
do chuirfeadh im cheartaghaidh
bheith ag tuirimh na dtreas thug
bheas gidh duiligh a ndearmud.

35 Goill Connacht do chur dom dhruim
nó a n-iarmhoireacht ní fhéadaim
a bhreatha troma [ar a] dtigh
ná a chreacha orra d'áirimh.

36 Ní fhuil éintír aca so
nach bí cuid éigin aca
ag gabháil le a chneas mar chailc
d'fhagháil treas nó dá dtabhairt.

37 Ní bhí anbhuan i nUltaibh
ná coimhéirghe i gConnachtaibh
nach é triath an Tobair Ghil
as cliath chogaidh dá chairdibh.

38 Cara ná deargnámha dhíbh
ní fhuil d'urradh ná d'airdrígh
d'fhine Chuinn dá gcuir leis-sean
gan tuinn dá fhuil uimei-sean.

39 Le foluibh uaisle iomdha
is le tréidhibh tighearna
do chosain Brian clanna Cuinn
Ó Bhanna siar go Sionuinn.

40 Ní mionuighthear a Mumhain
bearna ar Bhrian Ó Choncubhair;
ní thig fian Eamhna dá fhios,
bearna ar Bhrian gé do bhriseas. Do bhri.

41 Bás inghine í Bhriain do bhlagh
mo [chroidhe] - créad nac blaghfad?
do ghnáth ní lugha do lá
mo chumha an tráth fa dteasdá. Do bhri

42 Móide do bhriseas bearnaidh
m'onóir a hucht Toirdhealbhaigh
gan chur ris i dtráth tugha
ar chách do bhris bearnadha.

43 Na trátha le mbrisinn beirn
a chroch Dé, ar dheamhnaibh Ifeirn
uaim ar dhearmad ag dola
ní neamhlag uaidh m'arodha. Do bhri.